AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2025
COM(2025) 278 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

D'fhormheas an tAontas Eorpach[1] an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[2] agus dhaingnigh sé chomhpháirtí sna Balcáin Thiar é – Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*], Montainéagró agus Poblacht na Seirbia (dá ngairtear 'Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa' anseo feasta). Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

Tá feidhm aige i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre agus de mhuir agus déantar foráil ann maidir le margaí agus gréasáin iompair, lena n-áirítear bonneagar aerfoirt, a chomhtháthú de réir a chéile ar bhonn reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear i réimsí na gcaighdeán teicniúil, na hidir-inoibritheachta, na sábháilteachta, na slándála, an bhainistithe tráchta, an iomaíochais, an bheartais shóisialta, an tsoláthair phoiblí agus an chomhshaoil.

Ó bhí 2019 ann, tá an cuspóir sin curtha chun cinn ag an gComhphobal Iompair trí chomhar réigiúnach a neartú agus cúnamh teicniúil spriocdhírithe a chur ar fáil chomh maith le tionscnaimh fothaithe acmhainneachta. Trí na hiarrachtaí sin, tá dul chun cinn déanta ag an gComhphobal Iompair maidir le reachtaíocht a ailíniú agus margaí iompair a chomhtháthú i measc Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa agus idir iad siúd agus an tAontas Eorpach. Ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh, áfach.

Foráiltear le hAirteagal 42 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair nach mór athbhreithniú a dhéanamh air arna iarraidh sin ag aon pháirtí conarthach agus, i gcás ar bith, 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm.

An 15 Samhain 2022, d'fhormhuinigh páirtithe conarthacha an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus na hairí iompair ón Úcráin, ón tSeoirsia agus ó Phoblacht na Moldóive ráiteas comhpháirteach faoi chomhar maidir le forbairt na n-earnálacha iompair. Is é an doiciméad polaitiúil seo is bonn do rannpháirtíocht na dtíortha sin mar rannpháirtithe breathnóireachta a ghlacann páirt in obair an Chomhphobail Iompair. Sa ráiteas comhpháirteach, cuireadh in iúl freisin gur cheart féachaint go cuí ar na tairbhí frithpháirteacha a d'fhéadfadh teacht as aontachas féideartha na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

Moltar sa mholadh seo go n-údaróidh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht maidir leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

Is é an cuspóir ginearálta ba cheart a bheith ann caibidlíocht a dhéanamh le Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa, leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive maidir le leasuithe ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair chun tacú le hailíniú reachtach na bpáirtithe conarthacha uile le *acquis* ábhartha an Aontais agus chun an t-ailíniú sin a neartú, i bhfianaise a ndearcthaí Eorpacha faoi seach.

---

[1] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

[2] IO L 278, 27.10.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Ba cheart a áireamh leis sin sásraí nua chun na gealltanais cheangailteacha atá sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a threisiú trí fhoráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí (amhail cearta vótála a chur ar fionraí) i gcás sáruithe tromchúiseacha leanúnacha ar na gealltanais sin. Chun an sásra ailínithe leis an *acquis* a neartú, ba cheart ról treisithe a lorg do Bhuanrúnaíocht an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. Ina theannta sin, leis na leasuithe, ba cheart ról an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a bheachtú maidir le tacú le forbairt leathnú táscach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) chuig Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa, go háirithe trí fhorbairtí beartais i gcreat reachtach TEN-T a chur san áireamh. Thairis sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a athbhreithniú freisin, go háirithe chun *acquis* an Aontais roimh shíniú an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chur léi agus chun forbairtí beartais ábhartha i réimsí an iompair nó i réimsí gaolmhara a luaitear in Iarscríbhinn I a chur san áireamh. Ar deireadh, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na leasuithe feabhas a chur ar ghnéithe oibríochtúla áirithe a sainaithníodh i gcur i bhfeidhm an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus na rialacha maidir le cur i bhfeidhm chásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a bheachtú.

Leis na leasuithe sin, ba cheart go gcumasófar ballraíocht iomlán na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair freisin. Thairis sin, chun a lánpháirtiú iomlán sa Chonradh um an gComhphobal Iompair a áirithiú, ba cheart don Choimisiún iarscríbhinní a chaibidliú maidir le socruithe idirthréimhseacha, dá dtagraítear in Airteagal 40 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ar iarscríbhinní iad a bheidh infheidhme maidir leis an dá thír sin tráth a n-aontachais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar na héilimh a d'fhéadfadh a bheith ann ón Úcráin agus ó Phoblacht na Moldóive maidir le substaint an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

I bhfianaise chúlú daonlathach na Seoirsia, lena n-áirítear achtú an Dlí maidir le trédhearcacht an tionchair eachtraigh, rud a chuireann conair na Seoirsia i dtreo an Aontais i mbaol agus a chuir stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais, ba cheart an cinneadh céimeanna nithiúla a ghlacadh i dtreo bhallraíocht iomlán na Seoirsia sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chur siar. Tá an t-iarchur sin i gcomhréir leis an bplé a rinneadh ag an gComhairle Eorpach an 27 Meitheamh 2024[3], an 17 Deireadh Fómhair 2024[4], agus an 19 Nollaig 2024[5] agus léirítear ann torthaí na tuarascála ón gCoimisiún maidir le méadú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá cuspóirí an mholta seo i gcomhréir le hiarrachtaí níos leithne an Aontais tacú le hathchóirithe in earnálacha iompair Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive, agus comhlánaíonn siad na hiarrachtaí sin, mar chuid dá bpróisis aontachais fhoriomlána. Ó tháinig an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair i bhfeidhm, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go mion minic go bhfuil todhchaí Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa ag luí go daingean laistigh den Aontas. I mí an Mhárta 2020, d'fhormhuinigh comhaltaí na Comhairle Eorpaí cinneadh na Comhairle Gnóthaí Ginearálta[6] tús a chur le caibidlíocht maidir le haontachas le Poblacht na Macadóine Thuaidh agus le Poblacht na hAlbáine. I mí an Mhárta 2024, rinne an Chomhairle Eorpach cinneadh[7] tús a

3 https://www.consilium.europa.eu/media/sjaeuhgh/euco-conclusions-27062024-ga.pdf.
4 https://www.consilium.europa.eu/media/0lwjndi4/20241017-euco-conclusions-ga.pdf.
5 https://www.consilium.europa.eu/media/3j5fq5i2/euco-conclusions-19122024-ga.pdf.
6 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7002-2020-INIT/ga/pdfps://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7002-2020-INIT/ga/pdf
7 https://www.consilium.europa.eu/media/70895/euco-conclusions-2122032024-ga.pdf

chur le caibidlíocht maidir le haontachas leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. I mí na Nollag 2022, chuir an Chosaiv a hiarratas isteach ar bhallraíocht san Aontas.

Rinne an Chomhairle Eorpach an 14-15 Nollag 2023 cinneadh tús a chur le caibidlíocht maidir le haontachas leis an Úcráin agus leis an Moldóiv[8]. Seoladh an chaibidlíocht aontachais don dá thír go foirmiúil ag dhá chomhdháil idir-rialtasacha i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2024.

Ina theannta sin, tá an cuspóir maidir le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chomhtháthú na ngréasán iompair i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. I measc nithe eile, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le Conairí Iompair Eorpacha tiomnaithe arb é is aidhm dóibh nascacht idir na Ballstáit agus Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa, an Úcráin agus Poblacht na Moldóive a neartú a thuilleadh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an moladh i gcomhréir le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe maidir le méadú agus beartas comharsanachta. An 8 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach Plean Fáis nua do na Balcáin Thiar[10], arb é is aidhm dó roinnt de na tairbhí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a ghlacadh sa réigiún roimh an aontachas, borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus dlús a chur leis an gcóineasú socheacnamaíoch a bhfuil géarghá leis. Is é an cuspóir atá ann a chur ar a gcumas do chomhpháirtithe luí isteach ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí chun dlús suntasach a chur le luas phróiseas an mhéadaithe agus le fás a ngeilleagar.

Ar an gcaoi chéanna, an 15 Aibreán 2024, d'fhormhuinigh an Coimisiún Plean na hÚcráine[11], lena gcuidítear leis an Úcráin téarnamh, atógáil agus nuachóiriú a dhéanamh, agus lena dtacaítear go háirithe le hiarrachtaí athchóiriúcháin na tíre agus í ar a conair i dtreo ballraíocht san Aontas. Ar deireadh, an 10 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Coimisiún teachtaireacht maidir leis an bPlean Fáis don Mholdóiv[12], plean a bhfuil sé d'aidhm aige borradh a chur faoi gheilleagar na Moldóive agus an tír a thabhairt níos gaire do bhallraíocht san Aontas trí dhlús a chur le hathchóirithe agus trí chúnamh airgeadais a chur ar fáil.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá sé d'aidhm ag an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair Comhphobal Iompair a chruthú i réimsí an iompair de bhóthar, an iompair d'iarnród, an iompair d'uiscebhealaí intíre agus an mhuiriompair, chomh maith leis an ngréasán iompair a fhorbairt idir an Aontas Eorpach agus Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa. Foráiltear le hAirteagal 91 CFAE go nglacfar bearta a bhaineann le hiompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre faoi chuimsiú an chomhbheartais iompair i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Foráiltear le hAirteagal 100(2) go ndéanfar forálacha iomchuí maidir le muiriompar a ghlacadh freisin i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Dá bhrí sin, is iad Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach don chinneadh atá

8 https://www.consilium.europa.eu/media/68985/europeancouncilconclusions-14-15-12-2023-ga.pdf.

9 Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

10 https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/new-growth-plan-western-balkans_en.

11 https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/proposal-council-implementing-decision-approval-assessment-ukraine-plan_en.

12 https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/growth-plan-moldova-commission-proposal_en.

beartaithe lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú agus lena gcuirtear treoracha faoi bhráid an idirbheartaí.

Le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leagtar síos an nós imeachta chun comhaontuithe a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta. Go háirithe, déantar foráil le mír 3 den Airteagal sin go ndéanfaidh an Coimisiún ‘moltaí a thíolacadh don Chomhairle, agus glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údaréfar an chaibidlíocht a thosú agus lena n-ainmneofar, i bhfianaise ábhar an chomhaontaithe arna bheartú, idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais’. Le hAirteagal 218(4), foráiltear go bhféadfadh an Chomhairle ‘treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú nach foláir an chaibidlíocht a sheoladh i gcomhairle leis’. Is iad Airteagal 218(3) agus (4) CFAE an bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú agus lena gcuirtear treoracha faoi bhráid an idirbheartaí.

- **Inniúlacht an Aontais**

Le hAirteagal 216(1) CFAE, sonraítear an méid seo a leanas:

‘Féadfaidh an tAontas comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó má fhoráiltear amhlaidh sna Conarthaí nó nuair is gá comhaontú a thabhairt i gcrích d'fhonn ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a ghnóthú faoi chuimsiú bheartais an Aontais, nó má fhoráiltear do chomhaontú a thabhairt i gcrích i ngníomh Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí nó más dóigh do chomhaontú a thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú.’

Thug an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair i gcrích de bhua Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[13]. Ós rud é gur comhaontú idir an tAontas agus Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa é an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ba cheart modhnú ar an gcomhaontú sin a chaibidliú ar leibhéal an Aontais.

Tá an Comhphobal Iompair bunaithe ar margaí iompair Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa chomhtháthú de réir a chéile i margadh iompair an Aontais ar bhonn an *acquis* ábhartha, lena n-áirítear i réimsí na gcaighdeán teicniúil, na hidir-inoibritheachta, na sábháilteachta, na slándála, an bhainistithe tráchta, an bheartais shóisialta, an tsoláthair phoiblí agus an chomhshaoil, do gach modh iompair seachas aeriompar.

Baineann an togra seo le tús a chur le caibidlíocht d’fhonn an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a leasú chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) tacú le hailíniú reachtach Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa agus é a neartú; (ii) ról Bhuanrúnaíocht an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a neartú; (iii) Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a athbhreithniú, go háirithe chun *acquis* an Aontais roimh shíniú an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chur léi agus chun forbairtí beartais ábhartha i réimsí an iompair nó i réimsí gaolmhara a luaitear san Iarscríbhinn sin a chur san áireamh. (iv) gnéithe oibríochtúla áirithe a fheabhsú; (v) na rialacha maidir le léirmhíniú an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a bheachtú i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, de bhun Airteagal 19 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, chun an cásdlí a cuireadh ar fáil tar éis dháta sínithe an

[13] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chumhdach freisin; agus (vi) ballraíocht iomlán na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chumasú, lena n-áirítear trí chaibidlíocht a dhéanamh ar iarscríbhinní maidir le socruithe idirthréimhseacha le haghaidh gach ceann de na tíortha sin. Dá bhrí sin, ní dhéanann an togra difear do raon feidhme ábhartha chur i bhfeidhm an chomhaontaithe, tá sé comhsheasmhach leis na cuspóirí beartais a shaothraítear leis agus ní athraíonn sé inniúlacht an Aontais ina leith.

Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích chun an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a leasú agus chun na hiarscríbhinní maidir le socruithe idirthréimhseacha a bheidh infheidhme tráth aontachas féideartha na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive a leasú.

- **Comhréireacht**

Ní mhodhnaítear, leis na leasuithe atá le caibidliú, raon feidhme ábhartha an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus tá siad teoranta do bhearta a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcuirfear an Conradh chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus chun ballraíocht iomlán na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive a chumasú.

Is é an comhaontú atá beartaithe an ionstraim is éifeachtúla chun feabhas a chur ar an gcaidreamh iompair idir an tAontas, Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa, an Úcráin agus Poblacht na Moldóive. Ní théann an moladh thar a bhfuil gá leis chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **An rogha ionstraime**

Moladh ón gCoimisiún maidir le Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i gcomhréir le hAirteagal 218(3) CFAE, lena bhforáiltear go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid an Chomhairle, a ghlacfaidh le cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Arna iarraidh sin don Choimisiún, bhunaigh an Bhuanrúnaíocht meitheal neamhfhoirmiúil i mí Eanáir 2024 chun réamh-mheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme reatha an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus chun réimsí ina bhféadfaí feabhsuithe substainteacha agus oibríochtúla a dhéanamh a shainaithint mar chuid den athbhreithniú ar an gConradh sin.

Bhí an mheitheal neamhfhoirmiúil, a raibh an Bhuanrúnaíocht i gceannas uirthi, comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, chomh maith le hionadaithe ó na rannpháirtithe breathnóireachta. Cuireadh de chúram air an méid seo a leanas a shainaithint:

- athruithe substainteacha féideartha ar dócha go rannchuideoidh siad go dearfach le sprioc an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair maidir le Páirtithe

Oirdheisceart na hEorpa a chomhtháthú níos mó sa mhargadh iompair ag , bunaithe ar *acquis* ábhartha an Aontais;

- an gá a d'fhéadfadh a bheith ann feabhas a chur ar an tacaíocht maidir le faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair tháscaigh (TEN-T) sa réigiún;

- sraitheanna/cúraimí oibre nua chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí i gcaidreamh an Aontais le Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa; agus

- athruithe oibríochtúla féideartha ar dócha go bhfeabhsóidh siad feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

Tugadh an machnamh chun críche agus d'ullmhaigh an Bhuanrúnaíocht tuarascáil chríochnaitheach ina bhfuil achoimre ar an obair agus ar na príomhchonclúidí a ghabhann léi, agus ina leagtar béim ar na príomhréimsí a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu le linn an phróisis athbhreithnithe.

Mar chuid d'imeachtaí na meithle neamhfhoirmiúla, d'iarr an Chosaiv a hainmníocht mar a léirítear faoi láthair sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (an Chosaiv*) a athrú go 'Poblacht na Cosaive'. Ba mhaith leis an gCosaiv freisin athrú a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear a teorainneacha i léarscáileanna táscacha TEN-T in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. Chuir Poblacht na Macadóine Thuaidh in iúl gur gá athscrúdú a dhéanamh ar na prótacail dhéthaobhacha a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus iad a oiriúnú do chás sonrach na bpáirtithe talamhiata, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na forálacha i ndáil le muiriompar. Thug Montainéagró faoi deara go mbeadh gá rialacháin áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a thabhairt cothrom le dáta.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Le linn 2023, bhí roinnt plé déthaobhach ag seirbhísí an Choimisiúin le Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa maidir le rannpháirtíocht níos dlúithe na rannpháirtithe breathnóireachta ón Úcráin agus ó Phoblacht na Moldóive in obair an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[14].

Gan dochar do chur ar bhonn foirmiúil a seasamh rialtais faoi seach, tá tacaíocht láidir ann i gcoitinne don tionscnamh maidir leis an Úcráin agus Poblacht na Moldóive a chomhtháthú níos dlúithe in obair an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair d'fhonn ballraíocht iomlán a bhaint amach, ach tá *caveat* suntasach ann maidir leis an gcaidreamh déthaobhach idir comhpháirtí amháin de na Balcáin Thiar (an Chosaiv) agus na rannpháirtithe breathnóireachta.

Níor ardaigh an Albáin aon saincheist ar leith maidir le rannpháirtíocht níos dlúithe na rannpháirtithe breathnóireachta in obair an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus tá sé ráite aici go dtacaíonn sí le leathnú an Chonartha sin chun an Úcráin agus Poblacht na Moldóive a chumhdach.

[14] Bhain an plé déthaobhach sin freisin le rannpháirtíocht níos dlúithe a d'fhéadfadh a bheith ag an tSeoirsia, mar rannpháirtí breathnóireachta reatha sa Chomhphobal Iompair.

Chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin in iúl go dtacaíonn sí leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a leathnú chun an Úcráin agus Poblacht na Moldóive a chumhdach.

Chuir an Chosaiv i bhfios go láidir nach bhfuil aon mhór-shaincheisteanna aici maidir le ballraíocht iomlán sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair do na rannpháirtithe breathnóireachta, agus ag an am céanna chuir sí ábhair imní áirithe in iúl amhail neamh-aitheantas do dhearbhú neamhspleáchais na Cosaive ón Úcráin agus ó Phoblacht na Moldóive.

Níor ardaigh Montainéagró aon saincheist maidir le rannpháirtíocht níos dlúithe na rannpháirtithe breathnóireachta in obair an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus chuir sé in iúl go dtacaíonn sé leis na rannpháirtithe breathnóireachta a thagann isteach sa Chonradh sin mar bhaill iomlána.

Níor ardaigh an Mhacadóin Thuaidh aon saincheist maidir le rannpháirtíocht níos dlúithe na rannpháirtithe breathnóireachta in obair an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus chuir sí in iúl go dtacaíonn sí le haontachas na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive leis an gConradh sin.

Níor ardaigh Seirbia aon saincheist maidir le rannpháirtíocht níos dlúithe na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive in obair an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. mar sin féin, thug sé dá aire freisin nach bhfuil aon seasamh oifigiúil ag rialtas na Seirbia faoi láthair maidir le ballraíocht iomlán sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair do na rannpháirtithe breathnóireachta. Chinnfí an seasamh sin de réir cur chuige níos foirmiúla ón Aontas maidir le haontachas féideartha na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

I malartuithe déthaobhacha in 2023, chuir seirbhísí an Choimisiúin réamhsheasaimh Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa maidir le hionchais bhallraíochta iomlán na rannpháirtithe breathnóireachta faoi bhráid na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive. Luaigh seirbhísí an Choimisiúin freisin na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann (i.e. ranníocaíochtaí le buiséad an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair). Sna malartuithe sin, chuir an Úcráin agus Poblacht na Moldóive in iúl gur spéis leo dul isteach sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair mar bhaill iomlána.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún glao ar fhianaise a bhí ar siúl idir an 6 Samhain agus an 4 Nollaig 2024. Fuair an Coimisiún aighneacht anaithnid amháin maidir leis an nglao ar fhianaise, aighneacht inar cuireadh in iúl tacaíocht ar an iomlán leis an tionscnamh chun gréasáin iompair a chomhtháthú tuilleadh sa chomharsanacht, ach inar cuireadh i bhfios go láidir nár cheart comhar níos dlúithe a lorg ach amháin leis na comhpháirtithe sin a chomhoibríonn go dlúth cheana féin le comhpháirtithe Eorpacha.

- **Measúnú tionchair**

Ní cheanglaítear ar an gCoimisiún leis an Moladh aon seasamh ar leith a ghlacadh ag an gcéim seo óir níl ann ach moladh maidir le húdarú chun dul i mbun caibidlíochta le Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa, leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive. Baineann an chaibidlíocht sin le leasuithe spriocdhírithe de chineál teicniúil ar chomhaontú idirnáisiúnta atá ann cheana féin agus lena leathnú chun an Úcráin agus Poblacht na Moldóive a chumhdach. Cinnfear toradh an phróisis athbhreithnithe ar bhonn caibidlíochta idirnáisiúnta le tríú tíortha. Tá aontachas na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive leis an gConradh lena

mbunaítear an Comhphobal Iompair atá beartaithe bunaithe ar chomhartha soiléir polaitiúil ón gComhairle Eorpach, a dheonaigh stádas tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas do na tíortha sin agus a bhfuil tús foirmiúil curtha aici le caibidlíocht aontachais leo. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 42 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú sin 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Tá an Coimisiún le moladh a ghlacadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údarófar tús a chur le caibidlíocht chuige sin. Dá bhrí sin, níl údar le próiseas measúnaithe tionchair foirmiúil.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an tionscnamh, tugtar lánurraim do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cé go bhfuil teorainn leis an tionchar ar bhuiséad an Aontais, d'fhéadfadh sé a bheith ina mhéadú suas le 34 % (EUR 0,8 milliún) ar ranníocaíocht bhliantúil an Aontais leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ag brath ar thoradh na caibidlíochta maidir le ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe réigiúnacha faoi seach a ríomh, agus infheistíocht aonuaire tosaigh EUR 0,2 milliún.

I gcomhréir le hAirteagal 35 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ní chumhdaítear le buiséad an Chomhphobail Iompair ach na speansais oibríochtúla is gá d'fheidhmiú a chomhlachtaí.

Tá an tionchar ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i dtaca leis na hacmhainní buiséid agus daonna a mheastar a bheidh ag teastáil sonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal leis an moladh seo

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin**, **meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar go gcuirfear tús leis an bpróiseas caibidlíochta in 2025.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an mholta**

Áirítear, in Airteagal 1, údarú chun caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, maidir le comhaontú idirnáisiúnta i ndáil leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

In Airteagal 2, leagtar amach freisin gur cheart an chaibidlíocht a dhéanamh ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle atá i gceangal san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh.

Foráiltear le hAirteagal 3 go ndéanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le coiste speisialta.

Le hAirteagal 4, foráiltear gur chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh.

- **Rogha an idirbheartaí**

Ós rud é go dtagann an chaibidlíocht go heisiach faoi réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, caithfear an Coimisiún a ainmniú ina idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[15]. An 4 Márta 2019 formheasadh é thar ceann an Aontais Eorpaigh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[16]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Le TCT, forbairt an ghréasáin iompair idir an tAontas agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*], Montainéagró agus Poblacht na Seirbia (dá ngairtear Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa anseo feasta), déantar an fhorbairt sin a chur chun cinn i réimse an iompair de bhóthar, an iompair d'iarnród, an iompair d'uiscebhealaí intíre agus an mhuiriompair, agus tá sé bunaithe ar mhargaí iompair Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa a chomhtháthú de réir a chéile i margadh iompair an Aontais ar bhonn fhorálacha ábhartha *acquis* an Aontais.

(3) Foráiltear le hAirteagal 42 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair go bhfuil athbhreithniú le déanamh air arna iarraidh sin ag aon pháirtí conarthach agus, i gcás ar bith, 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm.

(4) I mí Eanáir 2024, cuireadh meitheal ar bun chun cainteanna tosaigh a reáchtáil maidir leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. Bhí an mheitheal comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, chomh maith le hionadaithe ó na rannpháirtithe breathnóireachta atá ann faoi láthair. Thug sí a phlé chun críche maidir leis an ngá atá leis an an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le teagmháil níos dlúithe idir an Comhphobal Iompair agus na rannpháirtithe breathnóireachta ón Úcráin agus ó Phoblacht na Moldóive.

---

15 Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

16 Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

(6) Ba cheart don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht ar leasú a dhéanamh ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, maidir le comhaontú idirnáisiúnta i ndáil leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

Airteagal 2

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le [ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle].

Airteagal 4

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán